

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 183



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

20 Iúil 2023

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1488 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2023 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí ísealriosca gaineamh grianchloiche a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1489 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2023 lena gcláraítear ainm sa chláir um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ('Edremit Zeytinyağı' (ATFC)) 6
- ★ Rialachán (AE) 2023/1490 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí áirithe a aicmítear mar shubstaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh a úsáid i dtáirgí cosmaideacha ⁽¹⁾ 7
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1491 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2023 lena ndéantar cainníochtaí áirithe a coinníodh siar in 2022 a chur le cuótaí iascaireachta 2023 de bhun Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle 11
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1492 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le cineálacha áirithe adhmaid de thionscnamh Cheanada agus na Stát Aontaithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais 42

CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2023/1493 ón gComhairle An 26 Meitheamh 2023 lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun dhá ghníomh nuaghlactha de chuid an Aontais a chur le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor 49

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

- ★ Cinneadh (AE) 2023/1494 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin a leasú 53

Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2023/1462 ón gComhairle an 17 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L 180, 17.7.2023) 57
- ★ Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/583 ón gCoimisiún an 15 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/607 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí aigéid chitrigh a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 77, 16.3.2023) 58
- ★ Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí tíleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce (IO L 41, 10.2.2023) 59

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1488 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Iúil 2023

lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí ísealriosca gaineamh grianchloiche a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 20(1) i gcomhar le hAirteagal 22(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2008/127/CE ón gCoimisiún ⁽²⁾ áiríodh gaineamh grianchloiche mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ⁽³⁾.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (3) Formheas na substainte gníomhaí gaineamh grianchloiche mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 31 Lúnasa 2023 ⁽⁵⁾.

⁽¹⁾ IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

⁽²⁾ Treoir 2008/127/CE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt substaintí gníomhacha a áireamh (IO L 344, 20.12.2008, lch. 89).

⁽³⁾ Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/708 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha eistear meitile 2,5-aigéid dhéchlóraibeansóch, aigéad aicéiteach, aclóinifein, sulfáit amóiniam alúmanaim, foisfid alúmanaim, sileacáit alúmanaim, beaflubútaimid, beintivalacarb, boscailid, cairbíd chailciam, captan, ciamocsainil, démheatomorf, dódamorf, eiteafón, eítilein, úsc as crann tae, iarmhair ó dhriogadh saille, aigéid shailleacha C7 go C20, fluocsastróibin, fluraclórádón, foilpéad, foirmeiteanáit, aigéad gibrilíne, gibrilíní, próitéiní hidrealaithe, sulfáit iarainn, foisfid maignéisiam, meatam, meitimótrón meatasaclór, meitribhúisín, milbimeictin, feinmeideafam, pírimaefos-meitil, olaí planda/ola clóibh, olaí planda/ola ráibe, olaí planda/ola cartlainne garraí, própamacarb, prócuineaisid, prótiaconasól, comhdhúile píretraim, gaineamh grianchloiche, ola éisc, éarthaigh bholaídh de thionscnamh ainmhí nó planda/saill caoireola, S-meitileaclór, Fearamóin Léipidíteire Slabhra Dhírigh, sulcaitrí-ón, teabúconasól agus úiré (IO L 133, 10.5.2022, lch. 1).

- (4) Cuireadh iarratas faoi bhráid na Laitvia, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na Rómáine, an Ballstát is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí gaineamh grianchloiche a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chomh maith leis sin, chuir na hiarratasóirí na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás'). Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.
- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 2 Márta 2021. Ina dhréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan, mhol an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí an formheas ar ghaineamh grianchloiche a athnuachan.
- (7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal. Scaip an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar na hiarratasóirí agus ar na Ballstáit chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Rinne an tÚdarás na barúlacha a fuarthas a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún.
- (8) An 16 Lúnasa 2022, chuir an tÚdarás a chonclúid in iúl don Choimisiún ⁽⁷⁾ go bhféadfaí coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh gaineamh grianchloiche na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (9) Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana maidir le gaineamh grianchloiche agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchoisithe um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 8 Nollaig 2022 agus an 25 Bealtaine 2023 faoi seach.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar na hiarratasóirí a mbarúlacha a chur isteach maidir le conclúid an Údaráis agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fómhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir na hiarratasóirí a mbarúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.
- (11) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach gaineamh grianchloiche, suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (12) Thairis sin, measann an Coimisiún gur substaint ghníomhach ísealriosca atá in gaineamh grianchloiche de bhun Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Ní substaint ar údar imní í gaineamh grianchloiche agus comhlíonann sí na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (13) Dá bhrí sin, is íomchuí formheas gaineamh grianchloiche mar shubstaint ghníomhach ísealriosca a athnuachan.
- (14) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 de agus i bhfianaise an eolaís eolaíoch agus theicniúil reatha agus thoradh an mheasúnaithe riosca, is gá a leagan síos íonacht íosta i leith gaineamh grianchloiche agus uasmhéid i leith silice chriostalta inánálaithe (SiO₂) le trastomhas ≤ 10 µm mar a mhonaraítear chun tacú le sábháilteacht na substainte gníomhaí atá le húsáid i dtáirgí cosanta plandaí.
- (15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

⁽⁷⁾ EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2022. Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí gaineamh grianchloiche. *Iris EFSA* 2022;20(9):7552, 37 lch. doi:10.2903/j.efsa.2022.7552.

- (16) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón lá tar éis dháta éaga an fhorghneasa ar ghaineamh grianchloiche.
- (17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan

An formheas ar an tsubstaint ghníomhach gaineamh grianchloiche, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht ⁽¹⁾	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormheasa	Forálacha sonracha
Gaineamh grianchloiche (ní ann do ghnáthainm ISO) (1) 7631-86-9 (CAS) (2) 14808-60-7 (CAS) 855 (CIPAC) [Léirítear iad mar a leanas go dtí seo: Uimh. CAS: 14808-60-7 Uimh. CIPAC: gan uimhir]	(1) Dé-ocsaíd síleacain (2) Grianchloch	915 g/kg Tá íonacht i leith silice chriostalta a bhfuil trastomhas cáithníní ≤ 10 μm aici údar inní ó thaobh na tocsaineolaíochta de agus ní rachaidh sí thar leibhéal 0,1 % de cháithníní san ábhar teicniúil.	1 Meán Fómhair 2023	31 Lúnasa 2038	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le gaineamh grianchloiche, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi. Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí.

⁽¹⁾ Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 247 maidir le gaineamh grianchloiche;

(2) i gCuid D, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

Líon	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht ⁽¹⁾	Dáta formheasa	Dul in éag an fhorpheasa	Forálacha sonracha
'44	Gaineamh grianchloiche (ní ann do ghnáthainm ISO) (1) 7631-86-9 (CAS) (2) 14808-60-7 (CAS) 855 (CIPAC) [Léirítear iad mar a leanas go dtí seo: Uimh. CAS: 14808-60-7 Uimh. CIPAC: gan uimhir]	(1) Dé-ocsaíd sileacain (2) Grianchloch	915 g/kg Tá íonacht i leith silice chriostalta a bhfuil trastomhas cáithníní ≤ 10 μm aici ina údar imní ó thaobh na tocsaineolaíochta de agus ní rachaidh sí thar leibhéal 0,1 % de cháithníní san ábhar teicniúil.	1 Meán Fómhair 2023	31 Lúnasa 2038	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le gaineamh grianchloiche, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi. Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí.'

⁽¹⁾ Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1489 ÓN gCOIMISIÚN
an 13 Iúil 2023

lena gcláraítear ainm sa chláir um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ('Edremit Zeytinaği' (ATFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun mhír 2(a) d'Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an t-iarratas a thíolaic an Tuirc ar chláirú an ainm 'Edremit Zeytinaği' a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾.
- (2) Toisc nár cuireadh aon ráiteas agóide de réir bhrí Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 faoi bhráid an Choimisiúin, tá an t-ainm, 'Edremit Zeytinaği' foilsithe anois,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an t-ainm 'Edremit Zeytinaği' (ATFC) cláraithe leis seo.

An t-ainm a luaitear sa chéad mhír, is é is ainm sainiúil ar tháirgí in Aicme 1.5. Olaí, saill agus geir (im, margairín, olaí, etc.) d'Iarscríbhinn XI de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ⁽³⁾.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

⁽²⁾ IO C 106, 22.3.2023, lch. 9.

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

RIALACHÁN (AE) 2023/1490 ÓN gCOIMISIÚN
an 19 Iúil 2023

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí áirithe a aicmítear mar shubstaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh a úsáid i dtáirgí cosmaideacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 15(1) agus Airteagal 15(2), an ceathrú fómhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ déantar foráil maidir le haicmiú comhchuibhithe substaintí mar shubstaintí carcanaigineacha, só-ghineacha nó atá tocsaineach don atáirgeadh (CMR) bunaithe ar mheasúnú eolaíoch arna dhéanamh ag an gCoiste um Measúnú Riosca de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán. Déantar na substaintí a aicmiú mar shubstaintí CMR de chatagóir 1A, mar shubstaintí CMR de chatagóir 1B nó mar shubstaintí CMR de chatagóir 2 ag brath ar an leibhéal fianaise i dtaca lena n-airíonna CMR.
- (2) Le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009, foráiltear maidir le toirmeasc a chur ar shubstaintí atá aicmithe mar shubstaintí CMR de chatagóir 1A, de chatagóir 1B nó de chatagóir 2 faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 (substaintí CMR) a úsáid i dtáirgí cosmaideacha. Féadfar substaint CMR a úsáid i dtáirgí cosmaideacha, áfach, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(1), an dara habairt, de Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 nó in Airteagal 15(2), an dara fómhír den Rialachán sin.
- (3) Chun an toirmeasc ar shubstaintí CMR a chur chun feidhme go haonfhoirmeach laistigh den mhargadh inmheánach, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, go háirithe le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha agus údarais inniúla náisiúnta, agus chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú, ba cheart gach substaint CMR a áireamh i liosta na substaintí a bhfuil toirmeasc orthu in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus, i gcás inarb ábhartha, é a scriosadh ó na liostaí de shubstaintí srianta nó ceadaithe in Iarscríbhinn III go VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(1), an dara habairt, de Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 nó in Airteagal 15(2), an dara fómhír den Rialachán sin, ba cheart na liostaí de shubstaintí srianta nó ceadaithe in Iarscríbhinn III go VI a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú dá réir.
- (4) Cumhdaítear leis an Rialachán seo na substaintí a aicmítear mar shubstaintí CMR de réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón gCoimisiún ⁽³⁾ ('na substaintí ábhartha'). Beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón 1 Nollaig 2023.
- (5) Níor cuireadh isteach aon iarraidh maidir le húsáid na substaintí ábhartha i dtáirgí cosmaideacha mar eisceacht air sin.

⁽¹⁾ IO L 342, 22.12.2009, lch. 59.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena leasaítear, chun críocha a oiriúnaithe don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 129, 3.5.2022, lch. 1–17).

- (6) Níl na substaintí ábhartha srianta faoi láthair in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009, ná ceadaithe in Iarscríbhinní IV, V nó VI a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (7) Tá an tsubstaint aigéad 2-eitilheacsánóch (CAS Uimh. 149-57-5) liostaithe faoi láthair in iontráil 1024 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009. Ní áirítear san iontráil sin, áfach, salainn na substainte sin, salainn atá aicmithe mar shubstaintí CMR [de chatagóir 1B] le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692. Ní liostaítear aon cheann de na substaintí ábhartha eile faoi láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009. Dá bhrí sin, ba cheart na substaintí sin a chur le liosta na substaintí a bhfuil toirmeasc orthu i dtáirgí cosmaideacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus ba cheart na salainn den tsubstaint aigéad 2-eitilheacsánóch a chur le hiontráil 1024 den Iarscríbhinn sin.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 a leasú dá réir.
- (9) Tá na leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 bunaithe ar aicmithe na substaintí ábhartha mar shubstaintí CMR agus dá bhrí sin ba cheart feidhm a bheith acu ón dáta céanna a bheidh feidhm ag na haicmithe sin.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuainchoiste um Tháirgí Cosmaideacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 1024:

Uimhir thagartha	Céannacht na substaintí		
	Ainm ceimiceach/INN	Uimhir CAS	Uimhir CE
a	b	c	d
'1024	Aigéad 2-eitilheacsánóch agus a shalainn seachas na salainn atá sonraithe in áit eile in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008	149-57-5/-	205-743-6/-'

(2) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

Uimhir thagartha	Céannacht na substaintí		
	Ainm ceimiceach/INN	Uimhir CAS	Uimhir CE
a	b	c	d
'1695	Bróimíd amóiniam	12124-97-9	235-183-8
1696	Débhúitilin bis(2-eitilheacsánóáit)	2781-10-4	220-481-2
1697	Débhúitilin dé(aicéatáit)	1067-33-0	213-928-8
1698	Dé-ocsaíd teallúiriam	7446-07-3	231-193-1
1699	Teitrea-ocsaíd débhoróin bairiam	13701-59-2	237-222-4
1700	2,2-démheitolprópán-1-ól, díorthach tríbhroma; 3-bróma-2,2-bios(brómaimeitil)própán-1-ól	36483-57-5/ 1522-92-5	253-057-0/-
1701	2,4,6-trí-treas-búitilfeanól	732-26-3	211-989-5
1702	4,4'-sulfóinildéfhéinil; bisfeanól-S	80-09-1	201-250-5
1703	Beinsifeanón	119-61-9	204-337-6
1704	Cuineoclamín (ISO); 2-aimín-3-clóra-1,4-naftacuineon	2797-51-5	220-529-2
1705	Aigéad sárfluoraiheaptánóch; aigéad trídheacafluoraiheaptónach	375-85-9	206-798-9
1706	Meitil N-(iseapropoccarbóinil)-L-vailil-(3RS)-3-(4-clóraféinil)-β-alainionáit; vailifeanaláit	283159-90-0	608-192-3
1707	Aigéad 6-[C12-18-aicil-(brainseach, neamhsháithithe)-2,5-dé-ocsaipioróilidin-1-il] heacsánóch, salainn sóidiam agus amóiniam tris (2-hiodracsá-eitil)	-	701-271-4
1708	Aigéad 6-[(C10-C13)-aicil-(brainseach, neamhsháithithe)-2,5-dé-ocsaipioróilidin-1-il] heacsánóch	2156592-54-8	701-118-1
1709	Aigéad 6-[C12-18-aicil-(brainseach, neamhsháithithe)-2,5-dé-ocsaipioróilidin-1-il] heacsánóch	-	701-162-1

a	b	c	d
1710	Teoifillín; 1,3-démheitol-3,7-déhidrea-1H-púirín-2,6-dé-ón	58-55-9	200-385-7
1711	1,3,5-trí-aisín-2,4,6-trí-aimín; mealaímín	108-78-1	203-615-4
1712	Fluaipicilíd (ISO); 2,6-déchlóra-N-[3-clóra-5-(trífhluaraimeitol)-2-piridilmeitol]beansaimíd	607-285-6	239110-15-7
1713	Trí-aimíd N-(2-nítrifeinil)fosfarach	874819-71-3	477-690-9
1714	N-(5-clóra-2-beinsil iseapróipile)-N-cigleapróipil-3-(défhluaraimeitol)-5-fluara-1-meitol-1H-piorasól-4-carbocsaimíd; iseafluaiciopram	1255734-28-1	811-438-4
1715	Mais imoibriúcháin de 3-(défhluaramheitol)-1-meitol-N-[(1RS,4SR,9RS)-1,2,3,4-teitrihidrea-9-iseapróipil-1,4-meatánónaftailéan-5-il]piorasól-4-carbocsaimíd agus 3-(défhluaramheitol)-1-meitol-N-[(1RS,4SR,9SR)-1,2,3,4-teitrihidrea-9-iseapróipil-1,4-meatánónaftailéan-5-il]piorasól-4-carbocsaimíd [$\geq 78\%$ sinisiméirí $\leq 15\%$ frithisiméirí de chion coibhneasta]; isipiorasam	881685-58-1	632-619-2
1716	Margosa, eastóscaigh [ó eithní <i>Azadirachta indica</i> arna n-eastóscadh le huisce agus arna bpróiseáil a thuilleadh le tuaslagóirí orgánacha]	84696-25-3	283-644-7
1717	Cúiméin	98-82-8	202-704-5
1718	Dé-aicrioláit 2-eitol-2-[[1-ocsa-aillil]ocsa]meitol-1,3-própándé-ile; aicrioláit 2,2-bios (aicrilocsamheitol)búitile; trí-aicrioláit trímheitolphrópáin;	15625-89-5	239-701-3
1719	2,2',2'',2'''-(eatán-1,2-dé-ilmítríoló)peintea-aicéatáit pheinteapotáisiam	7216-95-7	404-290-3
1720	N-carbocsaimeitilaimínbis(eitiléintrilo)teitrea(aigéad aicéiteach); Aigéad Peintéiteach (INCI)	67-43-6	200-652-8
1721	(Carbocsaláiteomeitol)imínibis(eitiléintrilo)teatraicéatáit pheinteasóidiam; Peintéatáit Peantasóidiam (INCI)	140-01-2	205-391-3
1722	Aicéataimíprid (ISO); (1E)-N-[(6-clóraipiridin-3-il)meitol]-N'-cianai-N-meitileatanaimidimíd; (E)-N1-[(6-clóra-3-piridil)meitol]-N2-cianai-N1-meitilaicéataimidín	135410-20-7/ 160430-64-8	603-921-1/ 682-791-8
1723	Peindémheatailin (ISO); N-(1-eitol phróipile)-2,6-dénítrea-3,4-xilidéin	40487-42-1	254-938-2
1724	Beantazón (ISO); 3-iseapróipil-2,1,3-beinseataidé-aisín-4-ón-2,2-dé-ocsaíd	25057-89-0	246-585-8'

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1491 ÓN gCOIMISIÚN
an 19 Iúil 2023

lena ndéantar cainníochtaí áirithe a coinníodh siar in 2022 a chur le cuótaí iascaireachta 2023 de bhun Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De réir Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96, i gcás stoic áirithe atá faoi réir TAC anailíseach, féadfaidh Ballstát ar leithdháileadh cuóta ábhartha air a iarraidh ar an gCoimisiún, roimh an 31 Deireadh Fómhair de bhliain chur i bhfeidhm an chuóta, uasmhéid 10 % dá chuóta atá le haistriú go dtí an bhliain dár gcionn a choinneáil siar.
- (2) Le Rialachán (AE) 2021/1888 ⁽²⁾, (AE) 2022/109 ⁽³⁾ agus (AE) 2022/110 ⁽⁴⁾ ón gComhairle socraítear cuótaí iascaireachta maidir le stoic éisc áirithe le haghaidh 2022 agus sonraítear cé na stoic éisc a d'fhéadfadh a bheith faoi réir na mbeart dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 847/96.
- (3) Le Rialachán (AE) 2022/2090 ⁽⁵⁾, (AE) 2023/194 ⁽⁶⁾ agus (AE) 2023/195 ⁽⁷⁾ ón gComhairle, socraítear cuótaí iascaireachta maidir le stoic éisc áirithe le haghaidh 2023.
- (4) D'iarr Ballstáit áirithe, roimh an 31 Deireadh Fómhair 2022, go ndéanfar cuid dá gcuótaí le haghaidh 2022 le haghaidh stoic éisc áirithe a choinneáil siar agus a aistriú go 2023. Leis na stoic éisc a n-iarrtar a n-aistriú agus le staid a saothraithe, comhlíontar na coinníollacha maidir leis an aistriú sin a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Faoi réir na dteorainneacha dá bhforáiltear sa Rialachán sin, ba cheart na cainníochtaí a coinníodh siar a chur leis na cuótaí le haghaidh 2023.

⁽¹⁾ IO L 115, 9.5.1996, lch. 3.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/1888 ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2021 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L 384, 29.10.2021, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2022/110 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 21, 31.1.2022, lch. 165).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2022/2090 ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2022 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L 281, 31.10.2022, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe d'homhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2023/195 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/110 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh le haghaidh 2022 (IO L 28, 31.1.2023, lch. 220).

- (5) Chun nach mbeidh solúbthacht iomarcach ann lena mbainfí an bonn den phrionsabal um shaothrú céillí freagrach bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara, lena gcuirfí bac ar bhaint amach chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh agus lena dtiocfadh meath ar stádas bitheolaíoch na stoc, i gcás ina mbeidh an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾ úsáidte cheana ag Ballstát i leith stoc áirithe, níor cheart feidhm a bheith ag aon tabhairt anonn cuótaí iascaireachta faoi Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus *vice-versa*.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis na cuótaí iascaireachta a shocraítear le haghaidh 2023 le Rialacháin (AE) 2022/2090, (AE) 2023/194 agus (AE) 2023/195, méadaítear iad mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

IARSCRÍBHINN

Cód tíre	Cód stoic	Speiceas	Ainm an limistéir	Cuóta deiridh 2022 ⁽¹⁾ (i dtonaí)	Gabhálacha 2022 (i dtonaí)	Gabhálacha 2022 faoi choinníoll speisialta ⁽²⁾ (i dtonaí)	Gabhálacha iomlána 2022 (i dtonaí)	% de ghlacadh deiridh an chuóta	An méid a aistríodh (i dtonaí)
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)	(9)	(10)

Stoic éisc ar socraíodh na cuótaí ina leith le Rialachán (AE) 2021/1888

DE	HER/3D-R30	An Scadán	Uiscí an Aontais i bhForanna 25-27, 28.2, 29 agus 32	278,669	250,045	0	250,045	89,73	27,867
DE	PLE/3BCD-C	An Leathóg	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32	1 342,122	742,928	0	742,928	55,35	134,212
DE	SPR/3BCD-C	An Salán	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32	15 714,421	14 870,321	0	14 870,321	94,63	844,100
DK	HER/30/31.	An Scadán	Foranna 30-31	2 128,963	1 916,067	0	1 916,067	90,00	212,896
DK	HER/3D-R30	An Scadán	Uiscí an Aontais i bhForanna 25-27, 28.2, 29 agus 32	2 371,076	1 939,571	0	1 939,571	81,80	237,108
DK	PLE/3BCD-C	An Leathóg	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32	6 515,932	862,084	0	862,084	13,23	651,593
DK	SPR/3BCD-C	An Salán	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32	28 771,615	26 299,965	0	26 299,965	91,41	2 471,650
EE	HER/03D.RG	An Scadán	Foroinn 28.1	23 734,651	18 810,150	0	18 810,150	79,25	2 373,465
EE	HER/3D-R30	An Scadán	Uiscí an Aontais i bhForanna 25-27, 28.2, 29 agus 32	7 857,244	6 503,143	0	6 503,143	82,77	785,724
EE	SPR/3BCD-C	An Salán	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32	28 736,890	27 551,868	0	27 551,868	95,88	1 185,022

⁽¹⁾ Na cuótaí atá ar fáil do Bhallstát de bhun na Rialachán ábhartha a bhaineann le cuótaí iascaireachta tar éis na nithe seo a leanas a chur san áireamh: malartuithe cuótaí iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22), aistrithe cuótaí ó 2021 go 2022 i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 nó ath-leithdháileadh agus asbhaint cuótaí iascaireachta i gcomhréir le hAirteagail 37 agus 105 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

⁽²⁾ Coinníoll speisialta a leagtar amach sna hlarscríbhinní a ghabhann leis na Rialacháin ábhartha lena socraítear cuótaí iascaireachta le haghaidh 2022.

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)	(9)	(10)
FI	HER/30/31.	An Scadán	Foranna 30-31	101 840,064	58 388,604	0	58 388,604	57,33	10 184,006
FI	HER/3D-R30	An Scadán	Uiscí an Aontais i bhForanna 25-27, 28.2, 29 agus 32	10 719,492	10 007,246	0	10 007,246	93,36	712,246
LV	HER/03D.RG	An Scadán	Foroinn 28.1	26 913,027	24 157,889	0	24 157,889	89,76	2 691,303
LV	HER/3D-R30	An Scadán	Uiscí an Aontais i bhForanna 25-27, 28.2, 29 agus 32	3 640,304	3 494,539	0	3 494,539	96,00	145,765
LV	SPR/3BCD-C	An Salán	Uiscí an Aontais i bhForanna 22-32	31 771,225	31 355,940	0	31 355,940	98,69	415,285
PL	HER/3D-R30	An Scadán	Uiscí an Aontais i bhForanna 25-27, 28.2, 29 agus 32	17 553,699	16 266,282	0	16 266,282	92,67	1 287,417
PL	PLE/3BCD-C	An Leathóg	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32	1 463,626	176,492	0	176,492	12,06	146,363
PL	SPR/3BCD-C	An Salán	Uiscí an Aontais i bhForanna 22-32	73 187,973	71 199,962	0	71 199,962	97,28	1 988,011
SE	HER/30/31.	An Scadán	Foranna 30-31	19 328,736	16 975,983	0	16 975,983	87,83	1 932,874
SE	HER/3D-R30	An Scadán	Uiscí an Aontais i bhForanna 25-27, 28.2, 29 agus 32	16 198,239	15 023,842	0	15 023,842	92,75	1 174,397
SE	PLE/3BCD-C	An Leathóg	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32	529,082	18,899	0	18,899	3,57	52,908
SE	SPR/3BCD-C	An Salán	Uiscí an Aontais i bhForanna 22-32	53 486,762	52 735,672	0	52 735,672	98,60	751,090

Stoic éisc ar socraíodh na cuótaí ina leith le Rialachán 2022/109 ón gComhairle

BE	ANF/*8ABDE	láimhínigh	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 8a, 8b, 8d agus 8e (coinníoll speisialta maidir le ANF/07.)	400,341	68,767	0	68,767	17,18	40,034
BE	ANF/07.	láimhínigh	7	3 497,326	1 334,566	68,767	1 403,333	40,13	349,733

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)	(9)	(10)
BE	HAD/*2AC4.	An Chadóg	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a agus 4 (coinníoll speisialta maidir le HAD/5BC6A.)	1,655	0	0	0	0	0,166
BE	HAD/07A.	An Chadóg	7a	48,465	7,736	0	7,736	15,96	4,847
BE	HAD/2AC4.	An Chadóg	4; Uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a	321,060	232,740	0	232,740	72,49	32,106
BE	HAD/6B1214	An Chadóg	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 6b; Uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14	13,885	0	0	0	0	1,389
BE	HAD/7X7A34	An Chadóg	7b-k, 8, 9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1	209,578	190,474	0	190,474	90,88	19,104
BE	HER/*04B.	An Scadán	4b (coinníoll speisialta maidir le HER/4CXB7D)	4 828,384	0	0	0	0	482,838
BE	HER/2A47DX	An Scadán	4 agus 7d; Uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a	2,885	1,696	0	1,696	58,79	0,289
BE	HER/4CXB7D	An Scadán	4c, 7d cé is moite de stoc Blackwater	95,453	49,837	0	49,837	52,21	9,545
BE	HKE/*03A.	An Colmóir	3a (coinníoll speisialta maidir le HKE/2AC4-C)	3,123	0	0	0	0	0,312
BE	HKE/*8ABDE	An Colmóir	8a, 8b, 8d agus 8e (coinníoll speisialta maidir le HKE/571214)	60,453	0	0	0	0	6,045
BE	HKE/2AC4-C	An Colmóir	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; Uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a	31,237	13,207	0	13,207	42,28	3,124
BE	HKE/571214	An Colmóir	6 agus 7; Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14	160,769	72,917	0	72,917	45,36	16,077
BE	HKE/8ABDE.	An Colmóir	8a, 8b, 8d agus 8e	10,514	3,393	0	3,393	32,27	1,051

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)	(9)	(10)
BE	LEZ/*8ABDE	Méigrim scoilteán	8a, 8b, 8d agus 8e (coinníoll speisialta maidir le LEZ/07.)	51,286	21,929	0	21,929	42,76	5,129
BE	LEZ/07.	Méigrim scoilteán	7	895,763	870,027	21,929	891,956	99,57	3,807
BE	LEZ/2AC4-C	Méigrim scoilteán	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; Uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a	8,900	0,280	0	0,280	3,15	0,890
BE	MAC/2A34.	An Ronnach	3a; Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a, 3b, 3c, 3d agus 4	196,745	184,740	0	184,740	93,90	12,005
BE	MAC/2CX14-	An Ronnach	6, 7, 8a, 8b, 8d agus 8e; Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; Uiscí idirnáisiúnta in 2a, 12 agus 14	64,562	58,050	0	58,050	89,91	6,456
BE	NEP/07.	Gliomach na hIorua	7	9,835	9,731	0	9,731	98,94	0,104
BE	NEP/2AC4-C	Gliomach na hIorua	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; Uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a	1 361,373	650,481	0	650,481	47,78	136,137
- (2) Is é is aidhm leis na ceanglais sin, an tAontas a chosaint ar *Agrilus planipennis* Fairmaire ('an lotnaid shonraithe').
- (3) De mhaolú ar phointe 87(a) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán 2019/2072 féadfar adhmaid ó *Fraxinus* L. ('adhmaid fuinseoige') a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ó Cheanada i gcomhréir leis na ceanglais speisialta a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/918 ón gCoimisiún ⁽³⁾. Tá na ceanglais sin ar aon dul leis na ceanglais a leagadh síos maidir leis an adhmaid céanna den tionscnamh céanna le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2016/412 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾. Rachaidh an Rialachán sin in éag an 30 Meitheamh 2023.
- (4) De mhaolú ar phointe 87(a) agus (b) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, féadfar adhmaid fuinseoige a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais as na Stáit Aontaithe i gcomhréir leis na ceanglais speisialta a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1002 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾. Tá na ceanglais sin ar aon dul leis na ceanglais a leagadh síos le Cinneadh Cur Chun Feidhme (EU) 2018/1203 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ maidir leis an adhmaid céanna den tionscnamh céanna. Rachaidh an Rialachán sin in éag an 30 Meitheamh 2023 chomh maith.

⁽¹⁾ IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/918 ón gCoimisiún an 1 Iúil 2020 lena mbunaítear maolú ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le hadhmaid fuinseoige de thionscnamh Cheanada nó arna phróiseáil i gCeanada a thabhairt isteach san Aontas (IO L 209, 2.7.2020, lch. 14).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/412 ón gCoimisiún an 17 Márta 2016 lena n-údaráítear na Ballstáit le foráil a dhéanamh maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe i dTreoir 2000/29/CE ón gComhairle i leith adhmaid fuinseoige de thionscnamh Cheanada nó arna phróiseáil i gCeanada (IO L 74, 19.3.2016, lch. 41).

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1002 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2020 lena mbunaítear maolú ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le hadhmaid fuinseoige de thionscnamh Cheanada nó arna phróiseáil i gCeanada a thabhairt isteach san Aontas (IO L 221, 10.7.2020, lch. 122).

⁽⁶⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1203 ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2018 lena n-údaráítear na Ballstáit le foráil a dhéanamh maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe i dTreoir 2000/29/CE ón gComhairle i leith adhmaid fuinseoige de thionscnamh Cheanada nó arna phróiseáil i gCeanada agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/204 (IO L 217, 27.8.2018, lch. 7).

- (5) Tháinig na ceanglais speisialta sin isteach go héifeachtach, le linn chur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2020/918 agus 2020/1002, i dtaobh críoch an Aontais a chosaint ar an lotnaid shonraithe. Thairis sin, tháinig ceanglais den chineál céanna isteach go héifeachtach le linn chur i bhfeidhm Chinntí (AE) 2016/412 agus 2018/1203.
- (6) Ar bhonn na fianaise a bailíodh, táthar tagtha ar an gconclúid gur laghdáíodh an riosca fíteashláintíochta a bhaineann le hadhmad fuinseoige a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ó Cheanada agus na Stáit Aontaithe go leibhéal inghlactha agus go bhfuil na bearta laghdaithe riosca curtha ar bun sna tríú tíortha sin.
- (7) Is cosúil gur bearta laghdaithe riosca oiriúnacha iad na ceanglais speisialta a leagtar amach in Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/918 agus 2020/1002. Dá bhrí sin, is oiriúnach iad a chur isteach i bpointe 87 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/2072.
- (8) Ba cheart a fhoráil le hIarscríbhinn VII nach mór ceann amháin de na ceanglais speisialta seo a leanas a chomhlíonadh maidir le tabhairt adhmaid fuinseoige isteach i gcríoch an Aontais: ba cheart an t-adhmad fuinseoige a chur faoi ionradaíocht ianaithe agus é a bheith de thionscnamh limistéir saor ón lotnaid de réir coinníollacha áirithe dó é a chur faoi phróiseas rúiscithe, sábhadóireachta, cóireála teasa agus triomúcháin, faoi réir coinníollacha sonracha agus i dteannta ceanglais shonracha maidir leis an tsaoráid ina dtáirgtear, ina láimhsítear nó ina stóráiltear an t-adhmad. I gcás na rogha deiridh, agus chun a áirithiú go mbeidh rialuithe éifeachtacha agus trédhearcacht i bhfeidhm, ba cheart uimhir agus lipéad ar a bhfuil na focail 'HT-KD' nó 'Heat Treated – Kiln Dried' a bheith ar taispeánta go soiléir ar gach beart den adhmad.
- (9) Foráiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1164 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾ go bhféadfar, de mhaolú ar phointe 87 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, cineálacha áirithe adhmaid ó *Fraxinus* L., *Juglans ailantifolia* Carr., *Juglans mandshurica* Maxim., *Ulmus davidiana* Planch. agus *Pterocarya rhoifolia* Siebold & Zucc ('an t-adhmad sonraithe') de thionscnamh Cheanada agus na Stát Aontaithe, a thabhairt isteach san Aontas faoi ráitis oifigiúla dá dtagraítear i roghanna (a) agus (b) den phointe 87 sin. Rachaidh an Rialachán sin in éag an 30 Meitheamh 2023. Foráiltear leis maidir leis an dá rogha seo a leanas mar cheanglais maidir le tabhairt isteach i limistéir an Aontais: bhí an t-adhmad sonraithe le bheith de thionscnamh limistéir saor ón lotnaid faoi réir coinníollacha áirithe nó bhíothas lena chur faoi ionradaíocht ianaithe faoi réir coinníollacha sonracha.
- (10) Tháinig na ceanglais speisialta sin isteach go héifeachtach, le linn cur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1164, ó thaobh críoch an Aontais a chosaint ar an lotnaid shonrach. Thairis sin, tháinig ceanglais den chineál céanna isteach go héifeachtach le linn chur i bhfeidhm Chinntí (AE) 2016/412 agus 2018/1203.
- (11) Dá bhrí sin, táthar tagtha an gconclúid go bhfuil measúnú iomlán déanta ar an riosca fíteashláintíochta a bhaineann le hadhmad fuinseoige a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ó Cheanada agus na Stáit Aontaithe agus go bhfuil bearta laghdaithe riosca curtha ar bun sna tríú tíortha sin.
- (12) Dá bhrí sin, maidir leis na ceanglais speisialta dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1164 maidir le hadhmad fuinseoige ó Cheanada agus na Stáit Aontaithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, is iomchuí iad a chur isteach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (13) Ba cheart, ar an ábhar sin, Ceanada agus na Stáit Aontaithe a bhaint as an gceathrú colún de phointe 87 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, agus pointe nua a chur leis an Iarscríbhinn sin, lena bhforáilfar maidir leis an dá rogha chéanna sin dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1164.
- (14) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a leasú dá réir sin.

⁽⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1164 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2020 lena bhforáiltear maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i leith bearta chun cosc a chur ar thabhairt na lotnaide *Agrilus planipennis* Fairmaire ó Cheanada agus na Stáit Aontaithe isteach i gcríoch an Aontais agus ar a leathadh laistigh di (IO L 258, 7.8.2020, lch. 6).

- (15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072

Leasaítear Iarscríbhinn VII de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

—

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar seo a leanas:

1. I bpointe 87, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an liosta tíortha sa cholún 'Tionscnamh':

'an Bhealarúis, an tSín, an Mhongóil, an Rúis, an Chóiré Thuaidh, an Chóiré Theas, an Téaváin agus an Úcráin'

2. Cuirtear na pointí 87.1 agus 87.2 seo a leanas i ndiaidh phointe 87:

87.1	<p>Adhmad ó <i>Fraxinus</i> L. nach bhfuil sna foirmeacha seo:</p> <p>— sliseanna, cáithníní, min saibh, scamhacháin, dramhaíl adhmaid nó fuilleach, a fuarthas go hiomlán nó i bpáirt ó na crainn seo a leanas,</p> <p>— d'adhmaid den chineál céanna agus den cháilíocht chéanna leis an adhmaid atá sa choinsíneacht agus a chomhlíonann na ceanglais fíteashláintíochta chéanna de chuid an Aontais agus a chomhlíonann an t-adhmaid sa choinsíneacht, ábhar pacáistíochta adhmaid, i bhfoirm cásanna pacála, boscaí, drumáí agus pacáistíocht chomhchosúil, pailléid, pailléid bhoscaí agus cláir lódála eile, coiléir pailéad, starráil, cibé acu atá nó nach bhfuil sé in úsáid chun earraí de gach cineál a iompar, seachas starráil a thacaíonn le coinsíneachtaí adhmaid, atá déanta</p> <p>ach lena n-áirítear adhmaid nach bhfuil a dhromchla nádúrtha cruinn coinnithe aige, agus troscán agus réada eile atá déanta d'adhmaid neamhchóireáilte.</p>	<p>ex 4401 12 00 ex 4403 12 00 ex 4403 99 00 ex 4404 20 00 ex 4406 12 00 ex 4406 92 00 4407 95 10 4407 95 91 4407 95 99 ex 4408 90 15 ex 4408 90 35 ex 4408 90 85 ex 4408 90 95 ex 4409 29 10 ex 4409 29 91 ex 4409 29 99 ex 4416 00 00 ex 9406 10 00</p>	<p>Ceanada agus na Stáit Aontaithe</p>	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:</p> <p>(a) rinneadh ionradaíocht ianaithe ar an adhmaid chun íosdáileog ionsúite de 1 kGy a bhaint amach ar fud an adhmaid;</p> <p>nó</p> <p>(b) is de thionscnamh limistéar an t-adhmaid a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Agrilus planipennis</i> Fairmaire, i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta, agus go bhfuil sé lonnaithe 100 km ar a laghad ón limistéar aitheanta is cóngaraí, ar deimhníodh go hoifigiúil gurb ann don lotnaid; luaitear an limistéar ar an deimhniú fíteashláintíochta agus chuir an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tríú tír an stádas go bhfuil sé saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p> <p>nó</p> <p>(c)</p> <p>(i) rinneadh gach ceann de na hoibríochtaí seo a leanas ar an adhmaid:</p> <p>— rúisceadh, i.e. tá an t-adhmaid iomlán rúiscithe nó níl air ach píosaí coirte ar léir do na súile go bhfuil siad scartha agus ar furasta iad a aithint ó chéile. Is lú gach píosa ná 3 cm ar leithead nó, más mó ná 3 cm ar leithead é, is lú a dhromchla ná 50 cm²;</p> <p>— sábhadh;</p> <p>— cóireáil teasa, i.e. téadh an t-adhmaid trína phróifíl ar fad go dtí 71 °C ar a laghad ar feadh 1 200 nóiméad in oigheann téite arna fhorfhéas ag an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tríú tír nó ag gníomhaireacht arna formheas ag an eagraíocht sin; agus</p>
------	---	---	--	---

			<ul style="list-style-type: none"> — triomú, i.e. triomaíodh an t-adhmad de réir sceidil triomúcháin thionsclaíocha a mhair dhá sheachtain ar a laghad agus atá aitheanta ag an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tríú tír, agus ní mó ná 10 % cion taise an adhmaid arna shloinneadh mar chéatadán den ábhar tirim; <p>agus</p> <p>(ii) táirgeadh, láimhseáladh nó stóráladh an t-adhmad i saoráid a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> — tá sé formheasta go hoifigiúil ag an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tríú tír nó ag gníomhair-eacht arna formheas ag an eagraíocht sin, de bhun a cláir ceadúnúcháin maidir le <i>Agrilus planipennis</i> Fairmaire; — tá sé cláraithe i mbunachar sonraí arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na heagraíocht oifigiúla náisiúnta cosanta plandaí sa tríú tír; — rinne an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tríú tír nó gníomhaireacht arna formheas ag an eagraíocht sin iniúchadh air, uair sa bhliain ar a laghad agus thángthas ar an gconclúid go gcomhlíonann sé ceanglais an phointe seo den Iarscríbhinn. I gcás ina ndearna gníomhaireacht seachas eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tríú tír, rinne an eagraíocht sin iniúchtaí ar an obair sin gach 6 mhí ar a laghad. Bhí san áireamh sna hiniúchtaí sin fíorú na nósanna imeachta agus dhoiciméadacht na gníomhaireachta agus iniúchtaí i saoráidí arna bhformheas; — úsáideann an tsaoráid trealamh chun adhmad a chóireáil a calabraíodh i gcomhréir lámhleabhar oibríochta an trealamh sin.;
--	--	--	---

				<p>— coinníonn sí taifead dá nósanna imeachta maidir leis an bhfíorú a rinne an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír sin nó gníomhaireacht arna formheas ag an eagraíocht sin, lena n-áirítear fad ama na cóireála, teochtaí le linn na cóireála agus i gcás gach birt a bhí le honnmhairiú, an tseiceáil comhlíontachta agus an cion taise deiridh.</p> <p>agus</p> <p>(iii) feidhm, ba cheart uimhir agus lipéad ar a bhfuil na focail 'HT-KD' nó 'Heat Treated – Kiln Dried' a bheith ar taispeáint go soiléir ar gach beart den adhmaid. D'eisigh oifigeach ainmnithe de chuid na saoráide formheasta an lipéad sin, nó eisíodh faoina mhaoirseacht é, tar éis a fhíorú gur comhlíonadh na ceanglais phróiseála a leagtar amach i bpointe (i) agus na ceanglais maidir le saoráidí a leagtar amach i bpointe (ii).</p> <p>agus</p> <p>An t-adhmaid atá le seoladh chuig an Aontas, rinne an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tríú tír nó gníomhaireacht arna formheas ag an eagraíocht sin cigireacht air chun a áirithiú gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos i bpointí (i) agus (iii) den phointe seo. Beidh an uimhir/na huimhreacha birt a fhreagraíonn do gach beart sonracha a bheidh á onnmhairiú agus ainm na saoráide/saoráidí formheasta sa tír thionscnamh luaite ar an deimhniú fiteashláintíochta dá dtagraítear faoin rúibric 'Deimhniú breise'.</p>
87.2	Adhmaid ó <i>Chionanthus virginicus</i> L., <i>Juglans ailantifolia</i> Carr., <i>Juglans mandshurica</i> Maxim., <i>Ulmus davidiana</i> Planch. agus <i>Pterocarya rhoifolia</i> Siebold & Zucc., seachas sna foirmeacha seo a leanas	ex 4401 12 00 ex 4403 12 00 ex 4403 99 00 ex 4404 20 00 ex 4406 12 00 ex 4406 92 00 ex 4407 99 27	Ceanada agus na Stáit Aontaithe	Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas: (a) is de thionscnamh limistéar an t-adhmaid a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Agrilus planipennis</i> Fairmaire, i gcomhréir leis na Caighteáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta, agus go

<p>— sliseanna, cáithníní, min saibh, scamhacháin, dramhaíl adhmaid nó fuilleach, a fuarthas go hiomlán nó i bpáirt ó na crainn seo a leanas,</p> <p>— d'adhmaid den chineál céanna agus den cháilíocht chéanna leis an adhmaid atá sa choinsíneacht agus a chomhlíonann na ceanglais fíteashláintíochta chéanna de chuid an Aontais agus a chomhlíonann an t-adhmaid sa choinsíneacht, ábhar pacáistíochta adhmaid, i bhfoirm cásanna pacála, boscaí, drumáí agus pacáistíocht chomhchosúil, pailléid, pailléid bhoscaí agus cláir lódála eile, coiléir pailéad, starráil, cibé acu atá nó nach bhfuil sé in úsáid chun earraí de gach cineál a iompar, seachas starráil a thacaíonn le coinsíneachtaí adhmaid, atá déanta</p> <p>ach lena n-áirítear adhmaid nach bhfuil a dhromchla nádúrtha cruinn coinnithe aige, agus troscán agus réada eile atá déanta d'adhmaid neamhchóireáilte.</p>	<p>ex 4407 99 40 ex 4407 99 90 ex 4408 90 15 ex 4408 90 35 ex 4408 90 85 ex 4408 90 95 ex 4409 29 10 ex 4409 29 91 ex 4409 29 99 ex 4416 00 00 ex 9406 10 00</p>		<p>bhfuil sé lonnaithe 100 km ar a laghad ón limistéar aitheanta is cóngaraí, ar deimhníodh go hoifigiúil gurb ann don lotnaid; luaitear an limistéar ar an deimhniú fíteashláintíochta agus chuir eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí an tríú tír lena mbaineann an stádas go bhfuil sé saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré,</p> <p>nó</p> <p>(b) rinneadh ionradaíocht ianaithe ar an adhmaid chun íosdáileog ionsúite de 1 kGy a bhaint amach ar fud an adhmaid.'</p>
--	--	--	--

CINNÍ

CINNEADH (AE) 2023/1493 ÓN gCOMHAIRLE

An 26 Meitheamh 2023

lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun dhá ghníomh nuaghlactha de chuid an Aontais a chur le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽¹⁾ ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), thug an tAontas i gcrích é trí bhithín Chinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ⁽²⁾ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.
- (2) De bhun Airteagal 13(4) de Chreat Windsor ⁽³⁾, ar dlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar é, tugtar de chumhacht don Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar ('an Comhchoiste') cinntí a ghlacadh lena leasaítear na hIarscríbhinní ábhartha a ghabhann le Creat Windsor trí ghníomhartha nuaghlactha de chuid an Aontais a thagann faoi raon feidhme Chreat Windsor a chur leis, ar gníomhartha iad nach ndéantar gníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann le Creat Windsor a leasú ná a ionadú leo.
- (3) Rialachán (AE) 2023/1182 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, sa mhéid nach ndéantar leis Treoir 2001/83/CE a leasú, agus Rialachán (AE) 2023/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, is rialacháin gníomhartha nuaghlactha de chuid an Aontais iad a bhaineann leis an margadh inmheánach le haghaidh earraí agus dá bhrí sin tagann siad faoi raon feidhme Chreat Windsor.
- (4) Le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige, ba cheart don Chomhchoiste cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 13(4) de Chreat Windsor, lena gcuirfeadh an dá ghníomh nuaghlactha sin de chuid an Aontais le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor.
- (5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun dhá ghníomh nuaghlactha de chuid an Aontais a chur le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor,

⁽¹⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

⁽³⁾ Dearbhú Comhphárteach Uimh. 1/2023 ón Aontas Eorpach agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2023/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le rialacha sonracha a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n úsáid ag an duine a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar mhargadh Thuaisceart Éireann agus lena leasaítear Treoir 2001/83/CE (IO L 157, 20.6.2023, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2023/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le rialacha sonracha a bhaineann le teacht isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe coinsíneachtaí áirithe earraí miondiola, plandaí le haghaidh plandú, prátaí síl, innealra agus feithiclí áirithe a oibrítear chun críoch talmhaíochta nó foraoiseachta, chomh maith le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí áirithe isteach i dTuaisceart Éireann (IO L 165, 29.6.2023, lch. 103).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun dhá ghníomh nuaghlactha de chuid an Aontais a chur le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor, leagtar amach an seasamh sin sa dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. .../2023 ÓN gCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an ...

lena gcuirtear dhá ghníomh nuaghlacltha de chuid an Aontais le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽¹⁾ ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), agus go háirithe Airteagal 13(4) de Chreat Windsor ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 13(4) de Chreat Windsor, tugtar de chumhacht don Chomhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar ('an Comhchoiste') cinntí a ghlacadh lena ndéanfar gníomhartha nuaghlacltha de chuid an Aontais a thagann faoi raon feidhme Chreat Windsor a chur leis na hIarscríbhinní ábhartha a ghabhann le Creat Windsor. De bhun Airteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste, beidh siad ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe leis na cinntí sin a chur chun feidhme, ar cinntí iad a bhfuil na héifeachtaí dlíthiúla céanna acu agus atá ag an gComhaontú um Tharraingt Siar.
- (2) Ba cheart dhá ghníomh nuaghlacltha de chuid an Aontais a chur le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Rialachán (AE) 2023/1182 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le rialacha sonracha a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar mhargadh Thuaisceart Éireann agus lena leasaítear Treoir 2001/83/EC ⁽³⁾, sa mhéid nach ndéantar leis Treoir 2001/83/CE a leasú, cuirfear an Rialachán sin le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor faoi phointe 20 'Táirgí íocshláinte'.
2. Rialachán (AE) 2023/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le rialacha sonracha a bhaineann le teacht isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe coinsíneachtaí áirithe earraí miondíola, plandaí le haghaidh plandú, prátaí síl, innealra agus feithiclí áirithe a oibrítear chun críoch talmhaíochta nó foroiseachta, chomh maith le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí áirithe isteach i dTuaisceart Éireann ⁽⁴⁾, cuirfear an Rialachán sin le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor faoi phointe 44 'Sláintíocht agus fíteashláintíocht - Eile';

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

⁽¹⁾ IO AE L 29, 31.1.2020, lch. 7.⁽²⁾ Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas Eorpach agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 (IO AE L 102, 17.4.2023, lch. 87).⁽³⁾ IO AE L 157, 20.6.2023, lch. 1.⁽⁴⁾ IO AE L 165, 29.6.2023, lch. 103.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann an Chomhchoiste
Na Comhchathaoirligh*

CINNEADH (AE) 2023/1494 ÓN gCOMHAIRLE**an 26 Meitheamh 2023**

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin a leasú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽¹⁾ ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), thug an tAontas i gcrích é trí bhithín Chinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ⁽²⁾ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.
- (2) De bhun Airteagal 36(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá an Comhchoiste le cinntí a ghlacadh lena leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar chun aon Chinneadh nua nó Moladh nua arna fhormheas ag an gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a léiriú.
- (3) Le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige, tá an Comhchoiste chun cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 36(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar lena leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn I de, chun dhá chinneadh nua arna bhformheas ag an gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a chur leis an liosta a leagtar amach ann agus chun trí chinneadh a scríodadh ón liosta sin, ar cinntí iad ar cuireadh an dá chinneadh nua ina n-ionad.
- (4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar a leasú, ós rud é go mbeidh an cinneadh sin ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar a leasú, leagtar amach é sa dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

⁽¹⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Meitheamh 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. .../2023 ÓN gCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an ...

Iena leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽¹⁾ ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), agus go háirithe Airteagal 36(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 36(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tugtar de chumhacht don Chomhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) de ('an Comhchoiste') cinntí a ghlacadh lena leasaítear Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin, chun aon Chinneadh nua nó Moladh nua arna fhorpheas ag an gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a léiriú. De bhun Airteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste, beidh siad ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Na cinntí sin a bhfuil na héifeachtaí dlíthiúla céanna acu agus atá ag an gComhaontú um Tharraingt Siar, ní mór don Aontas agus don Ríocht Aontaithe na cinntí sin a chur chun feidhme.
- (2) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Cuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar a leasú trí dhá chinneadh ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a chur leis agus chun trí Chinneadh a scriosadh ón liosta sin, ar cinntí iad ar cuireadh an dá Chinneadh nua ina n-ionad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Comhaontú um Tharraingt Siar mar a leanas:

- (1) I gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, i dtaca le Cinneadh Uimh. H12 an 19 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chinneadh ⁽²⁾, cuirfear an Cinneadh sin leis faoi 'Saincheisteanna cothrománacha (sraith H)';
- (2) I gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, i dtaca le Cinneadh Uimh. H13 an 30 Márta 2022 maidir le comhdhéanamh agus modhanna oibre Bhord Iniúcháireachta an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta ⁽³⁾, cuirfear an Cinneadh sin leis faoi 'Saincheisteanna cothrománacha (sraith H)';
- (3) I gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, scriosfar na gníomhartha seo a leanas:
 - (a) Cinneadh Uimh. H3 an 15 Deireadh Fómhair 2009 maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chinneadh ⁽⁴⁾, arna leasú le Cinneadh Uimh. H7 an 25 Meitheamh 2015 i dtaca leis an athbhreithniú ar Chinneadh Uimh. H3 maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal

⁽¹⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.⁽²⁾ IO C 93, 28.2.2022, lch. 6.⁽³⁾ IO C 305, 10.8.2022, lch. 4.⁽⁴⁾ IO C 106, 24.4.2010, lch. 56-.

90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chinneadh ⁽⁵⁾, ar cinneadh é a cuireadh Cinneadh Uimh. H12 an 19 Deireadh Fómhair 2021 ina ionad maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chinneadh;

- (b) Cinneadh Uimh. H4 an 22 Nollaig 2009 maidir le comhdhéanamh agus modhanna oibre Bhord Iniúchóireachta an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta ⁽⁶⁾, ar cinneadh é a cuireadh Cinneadh Uimh. H13 an 30 Márta 2022 ina ionad maidir le comhdhéanamh agus modhanna oibre Bhord Iniúchóireachta Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta;
- (c) Cinneadh Uimh. H7 an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an athbhreithniú ar Chinneadh H3 i dtaca leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chinneadh, ar cinneadh é a cuireadh Cinneadh Uimh. H12 an 19 Deireadh Fómhair 2021 ina ionad maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chinneadh.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa...,

*Thar ceann an Chomhchoiste
Na Comhchathaoirligh*

⁽⁵⁾ IO C 52, 11.2.2016, lch. 13.

⁽⁶⁾ IO C 107, 27.4.2010, lch. 3-5.

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2023/1462 ón gComhairle an 17 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpach Sraith L 180 an 17 Iúil 2023)

Ar an leathanach cumhdaigh, ar leathanach 8 sa teideal agus ar leathanach 9, sa doiciméad deiridh:

in ionad: 'an 17 Iúil 2023',

léitear: 'an 14 Iúil 2023'.

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/583 ón gCoimisiún an 15 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/607 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí aigéid chitrigh a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, tar éis athbheithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 77 an 16 Márta 2023)

Ar leathanach 4, in Airteagal 1(1)

<i>in ionad:</i>	‘Shandong Ensign Industry Co., Ltd.	A882’	
<i>léitear:</i>	‘Shandong Ensign Industry Co., Ltd. – Uimh. 1567 Sráid Changsheng, Changle, Weifang, Cúige Shandong, Daon-Phoblacht na Síne	33,8	A882’

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí tleanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 41 an 10 Feabhra 2023)

Ar leathanach 71, in Iarscríbhinn I, an séú sraith:

<i>in ionad:</i>	'An India	Gryphon Ceramics Private Limited Cosa Ceramics Pct Limited RAK Ceramics Private Limited Gris Ceramic LLP Grupo Griffin Ceramica LLP Alpas Cera LLP	C960'
<i>léitear:</i>	'An India	Gryphon Ceramics Private Limited Cosa Ceramics Pct Limited RAK Ceramics India Private Limited Gris Ceramic LLP Grupo Griffin Ceramica LLP Alpas Cera LLP	C960'

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)